

Ó Chois Fharraige go hOileán Leòdhais

Liadan, Bróna agus Éadaoin

Is beag a cheap muid ar an gcéad lá de Mheitheamh, agus muid ag caitheamh na leabhra scoile ar an áiléar go ceann roinnt míonna, go dtiocfadh muid ar thuras chomh heachtrúil, ceolmhar agus cultúrtha sin taobh istigh de chúpla seachtain. Bhí samhradh fada, leisciúil, leithleiseach ag síneadh amach romhainn agus muid ag súil go mór leis. Bhí roinnt seachtainí caite againn agus muid ag imeacht le haer an tsoil nuair a tháinig ár dtuismitheoirí chugainn le scéala go raibh fios curtha orainn go hAlbain. Bhí cinneadh le déanamh faoi dheifir. Gan fios againn cá raibh ár dtriall ná an mbeadh Wifi ná hairdryer san áit, shocraigh muid go dtabharfadh muid faoin eachtra.

Phacáil an triúr againn, Liadan Canny as na hAille, Bróna Ní Cheallacháin as an gCré Dhubh agus Éadaoin Nic Dhonncha as Ros an Mhíl, na málaí, chaith na huirlisí ceoil i dtóin an chairr agus thug Doire orainn féin in éineacht le Christina as Muintearas a bheadh ina cara agus ina feighlí iontach dúinn ar feadh na seachtaine romhainn amach. I nDoire an tráthnóna Aoine sin a casadh na baill eile den ghrúpa daoine óga seo orainn – beirt dhéagóirí eile as Gaoth Dobhair a bhí ann freisin faoi scáth Mhuintearais, agus grúpa breá as Carn Tóchair i nDoire a bhí faoi stiúir Phádraig Uí Mhianáin. Bhí tuairim mhaith againn ar an bpointe go n-éireodh go hiontach leis an turas, agus bhí muid ar bís.

Le moch maidine, maidin lá arna mhárach, chuaigh an grúpa iomlán ar an mbus agus thug muid aghaidh ar thuras

mór fada, turas a thabharfadh thar sáile faoi dhó muid agus a mbeadh tréimhsí fada ar bóthar i gceist. Mar sin fhéin, is diabhailtaí an spraoi a bhí againn ar an mbus ó Dhoire, ar feadh uaireantaí an chloig, ag cur amhráin agus ceoil go gealach lenár gcairde nua Gaelacha.

Maidin Dé Domhnaigh, ar deireadh, lá go leith théis dhúinn an baile a fhágáil, leag muid cois den chéad uair ar an oileán. Is cinnte nach é Conamara a bhí ann ach go raibh neart cosúlachtaí ann mar sin féin: bhí sé fuar, bhí míoltógaí beaga ann, bhí go leor fraoigh ann agus drochbhóithre. Mar sin fhéin, ach an oiread leis an áit s'againn fhéin, ba álainn an áit í.

Is i mbaile Steórnaigh a chuir muid fúinn ar feadh na seachtaine agus muid ag freastal ar fheis ceoil, Féis Eilean an Fhraoich, áit a raibh daoine óga as Conamara, Gaoth Dobhair, Carn Tóchair agus daoine óga áitiúla. Ba dheacair Gaeilge Chonamara, Dhún na nGall, Dhoire agus Gàidhlig na hAlban a chur thrína chéile ach d'éirigh linn cumarsáid a dhéanamh le chéile trí cheol agus trí chultúr Gaelach. Bhí muid ag freastal ar ranganna ceoil agus amhránaíochta chuile lá, agus muintir na hAlban ag foghlaim ceoil agus amhráin Chonamara agus muide ag foghlaim ceoil ardchríocha na hAlban. Bhí seans againn freisin cuid den cheol a chóiriú dhúinn fhéin agus a chur i láthair ag coirmeacha ceoil. Sna tráthnóntaí ansin a bhíodh an chraic cheart ann, áit a mbíodh seisiúin cheoil againn chomh maith le turais chuig áiteacha spéisiúla agus stairiúla ar an oileán. Ba mhór an phribhléid dhúinn cultúr na bpobal éagsúil seo a bhlaiseadh agus a fhoghlaim agus léirigh sé tábhacht chultúr s'againn féin dhúinn chomh maith, a roinn muid go fial leo.

Tá na hamhráin agus na poirt a d'fhoghlaim muid casta go minic againn ó tháinig muid abhaile ach, níos tábhachtaí ná sin b'fhéidir, tá spreagadh iontach faighte againn ó thaobh an cheoil agus ár gcultúir de, de bharr an spraoi a bhí againn lenár gcairde nua as Doire agus as Gaoth Dobhair. B'iontach an rud é an seans a fháil. ■



**Rang a 6,
Scoil Cholmille,
Ros an Mhíl:**

*Ar chúil ó chlé:
Marcus Ó hÉaluithe,
Christina Nic Dhonncha,
Patrick Mac Donnacha*

*Chun tosaigh ó chlé:
Cormac Mac Donncha,
Caoimhe Ní Fhátarta,
Ailaya Ní Ghrianán*